Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024
(OR. en)**

**10443/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0069(NLE)**

**SOC 404
EMPL 231
ECOFIN 611
EDUC 189
JEUN 121
IA 135**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna lena n-ionadaítear Moladh an 10 Márta 2014 ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna<br>*Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

## I. RÉAMHRÁ

An 20 Márta 2024, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna. Is é is aidhm don tionscnamh Moladh 2014 ón gComhairle maidir Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna a fhorshuíomh, agus feabhas a chur ar cháilíocht na dtréimhsí oiliúna, go háirithe a mhéid a bhaineann le hábhar foghlama agus oiliúna agus dálaí oibre, chun gur féidir an t-aistriú ón oideachas, ón dífhostaíocht nó ón neamhghníomhaíocht go dtí an obair a éascú. Áirítear sa Mholadh forálacha maidir le luach saothair cothrom, rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach, meantóireacht, rochtain chomhionann do dhaoine ó chúlraí éagsúla, agus an fhéidearthacht socruithe oibre hibrideacha agus cianoibre a dhéanamh. Foilsíodh an togra mar phacáiste in éineacht leis an togra le haghaidh 'Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna'.

Faoi Uachtaránacht na Beilge, tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta le chéile trí huaire: an 9 Aibreán, an 22-23 Aibreán agus an 28 Bealtaine 2024, agus tugadh an chéad scrúdú airteagal ar airteagal ar an togra chun críche. Tá achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh i Roinn II thíos.

Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na dtoscaireachtaí cuspóir an togra, agus béim á leagan acu ar an ngá atá le dóthain ama a áirithiú chun scrúdú críochnúil a dhéanamh, go háirithe i bhfianaise na gné trasearnála atá i gceist chomh maith leis na hidirnaisc agus an forluí leis an Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna. Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe fós ag roinnt toscaireachtaí.

## II. <u>OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA BEILGE</u>

Chuir an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta tús leis an scrúdú ar an Moladh atá beartaithe faoi Uachtaránacht na Beilge an 9 Aibreán 2024, 3 seachtaine tar éis lá a fhoilsithe. An tráth sin, chuir an Coimisiún an Moladh atá beartaithe i láthair agus bhí deis ag na toscaireachtaí réamhbharúlacha agus réamhcheisteanna ginearálta a chur isteach.

Bhí Measúnú Tionchair ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún lena gcumhdaítear freisin an 'Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna' atá beartaithe. Roinn an Uachtaránacht ceistneoir maidir leis an Measúnú Tionchair leis na toscaireachtaí an 4 Aibreán 2024. Thug 21 Bhallstát freagra ar an gceistneoir. Rinneadh anailís agus plé domhain ar an measúnú tionchair ag Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 22 Aibreán 2024. Tá achoimre ar mheastóireacht agus freagairtí na mBallstát ar an Measúnú Tionchair le fáil in 10456/24.

Bhí cruinnithe na Meithle um Cheisteanna Sóisialta an 23 Aibreán agus an 28 Bealtaine 2024 dírithe ar an Moladh atá beartaithe a scrúdú agus a phlé, chun tuiscint níos fearr ar an togra a áirithiú. Ag na cruinnithe sin, tharraing na toscaireachtaí a gcuid barúlacha agus ceisteanna anuas, ar thug an Coimisiún aghaidh orthu, go háirithe maidir le raon feidhme an Mholta atá beartaithe agus leibhéal na mionsonraí agus na saintreorachta.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA A PLÉADH AR LEIBHÉAL NA MEITHLE

Bunús dlí

Tharraing roinnt toscaireachtaí ceisteanna anuas maidir le bunús dlí an togra, agus luaigh siad inniúlachtaí teoranta an Aontais i réimse an oideachais agus na hoiliúna. D'athdhearbhaigh na toscaireachtaí freisin gur cheart go mbeadh an togra comhoiriúnach leis na córais náisiúnta agus leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le cúrsaí oiliúna.

Raon feidhme

Féachann an togra le raon feidhme Mholadh 2014 ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna, nach bhfuil feidhm aige ach maidir le tréimhsí oiliúna margaidh oscailte agus maidir le cúrsaí oiliúna atá mar chuid de bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, a leathnú chuig dhá chineál tréimhse oiliúna bhreise: tréimhsí oiliúna atá mar chuid de churaclaim an oideachais fhoirmiúil agus na hoiliúna foirmiúla, agus tréimhsí oiliúna atá ina gceanglas éigeantach chun rochtain a fháil ar ghairm áirithe.

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go láidir nach raibh raon feidhme an togra soiléir, agus cheistigh siad an chaoi ar bhain sé le Moladh 2018 ón gComhairle maidir le Printíseachtaí atá ann cheana agus an bhféadfadh feidhm a bheith ag na gníomhaíochtaí uile a mholtar sa togra maidir le gach cineál tréimhse oiliúna, i bhfianaise na difríochta ina gcuspóirí, e.g. rochtain ar mhargadh an tsaothair vs. oiliúint oideachais.

Leag roinnt toscaireachtaí béim ar an bhfíric freisin nár cheart tréimhsí oiliúna a bhí mar chuid den oideachas foirmiúil a chumhdach sa togra.

Pá cothrom

Bhí roinnt toscaireachtaí cáiréiseach faoin bpointe a moladh gur cheart go mbeadh gach tréimhse oiliúna 'íoctha go cothrom' agus d'iarr siad soiléiriú ar cad ba cheart a thuiscint mar 'cothrom'. Mhínigh an Coimisiún gur coincheap tábhachtach é 'pá cothrom' ar thacaigh Parlaimint na hEorpa go láidir leis agus gur iomaí bríonna éagsúla a d'fhéadfaí a bhaint as an gcoincheap sin.

Comhaontú i scríbhinn

Bhí roinnt toscaireachtaí amhrasach faoin mbreisluach a bhaineann le comhaontuithe i scríbhinn, go háirithe le haghaidh cúrsaí oiliúna oideachais, agus faoi dhul i gcomhairle le hoiliúnaithe agus an comhaontú i scríbhinn á shocrú.

Ailíniú leis an Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna

D'iarr roinnt toscaireachtaí go mbeadh ailíniú níos mó ann leis an 'Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna', a mhéid a bhaineann le sainmhínithe agus spriocdhátaí cur chun feidhme. Cheistigh na toscaireachtaí freisin an gá atá le plean náisiúnta cur chun feidhme a thíolacadh.

## IV. CONCLÚIDÍ

Chinntigh Uachtaránacht na Beilge go gcuirfí tús tráthúil táirgiúil leis an bplé maidir leis an Moladh atá beartaithe. A bhuí leis na trí cinn de chruinnithe i ndiaidh a chéile a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta bhí na toscaireachtaí in ann an chéad scrúdú críochnúil ar an togra a chur i gcrích. Mar thoradh ar na seisiúin cuiditheacha tuairimíochta idir na toscaireachtaí, agus leis an gCoimisiún, cuireadh soiléirithe ar fáil agus baineadh amach méid áirithe comhthuisceana.

Tá gá le tuilleadh plé teicniúil chun cur leis an obair sin d'fhonn teacht ar théacs comhréitigh.